# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007

# LÉANN CLASAICEACH – GNÁTHLEIBHÉAL

**(400 marc)**

DÉ CÉADAOIN, 20 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA 2.00 to 5.00

- Tá ceisteanna ar DHEICH dTOPAIC ar an scrúdpháipéar seo.

- Tá na topaicí eagraithe ina dtrí ghrúpa mar seo a leanas:

  Grúpa I : Na Topaicí 1 go 4.
  Grúpa II : Na Topaicí 5 go 7.
  Grúpa III : Na Topaicí 8 go 10.

- Ní mór d'iarrthóirí ceisteanna a fhreagairt ar CHEITHRE THOPAIC mar seo a leanas:
  Ní mór topaic amháin a roghnú as *gach ceann* de na trí ghrúpa, agus is féidir an *ceathrú* topaic a roghnú as *ceann ar bith* de na trí ghrúpa.

- Tá 100 marc ag gabháil le gach topaic.

- Na fótagraif a bhfuil gá leo chun na ceisteanna ar na Topaicí 8 agus 10 a fhreagairt, tá siad ar fáil ar pháipéar leis seo a bhfuil **X** marcáilte air.

**Grúpa I: Na Topaicí 1 go 4**

**Topaic 1. An Aithin i mbun Cogaíochta. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) In 430 RC bhuail plá cathair na hAithine.

(a) Déan cur síos ar ar fhulaing iad siúd a tholg an phlá. (35)

(b) Tabhair cuntas ar conas a rinne roinnt de na hAithnigh iarracht cabhrú leo siúd a bhí tinn agus ag fáil bháis. (15)

(ii) Scríobh nóta gearr ar **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:-

Gylippus; Alcaibiaidéas; Nicias. (25, 25)

(iii) (a) Tabhair cuntas gearr ar chath Amphipolis in 422 RC. (35)

(b) Déan trácht ar na tréithe ceannasaíochta a léirigh an ceannasaí Spartach Brasidas. (15)

(iv) In 432 RC labhair Archidamus rí Sparta in aghaidh cogadh a chur ar an Aithin.

Cad iad na príomhargóintí a chuir Archidamus chun cinn mar iarracht chun na Spartaigh a mhealladh gan dul chun catha leis an Aithin? (50)

---

**Topaic 2. Alastar Mór. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Ar feadh seacht mí, chuir muintir na Tuíre in aghaidh iarrachtaí Alastair iad a chloí.

(a) Tabhair cuntas ar na modhanna a d'úsáid muintir na Tuíre le cur in aghaidh Alastair. (30)

(b) Déan cur síos ar conas a d'éirigh le fórsaí Alastair dul i dtír faoi dheireadh ar oileán na Tuíre. (10)

(c) Conas a chaith Alastar le muintir na Tuíre tar éis gur ghabh sé a cathair? (10)

(ii) Scríobh nótaí ar **dhá cheann** díobh seo a leanas:-

Cleitus; Callisthenes; Parmenio. (25, 25)

(iii) Ag Opis in 324 RC, chuaigh trúpaí Macadónacha Alastair chun ceannairce ina aghaidh.

(a) Cad ba chúis leis an gceannairc seo? (15)

(b) De réir Alastair agus é ag caint leis na trúpaí, cén fáth ar cheart do na saighdiúirí Macadónacha bheith buíoch d'Alastar agus dá athair Pilib? (35)

(iv) "Ní raibh riamh fear eile ar domhan ar éirigh leis gan chabhair san oiread sin fiontar iontach."
(Arrian, *Feachtais Alastair*)
Cad a rinne a leithéid de mhórcheannasaí d'Alastar? (50)

**Topaic 3. An Saol agus Cúrsaí Smaointeoireachta i bPoblacht Dhéanach na Róimhe. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "I mbeagán focal, ní fhaca mé riamh rud ar bith chomh béasach le mo dheartháir ná chomh míbhéasach le do dheirfiúr-sa." (Cicearó, *Litir chuig Atticus*)

(a) Cén locht a fuair Cicearó ar iompar bhean a dhearthár, Pomponia? (30)

(b) Cén pictiúr den phósadh i Róimh na Poblachta Déanaí a fuair tú ón ábhar dualgais? (20)

(ii) Agus é ina fhear óg, ghabh foghlaithe mara Caesar ar a bhealach abhaile ón Oirthear.

(a) Déan cur síos ar conas a chaith Caesar leis na foghlaithe mara le linn dó bheith ina phríosúnach acu. (20)

(b) Chomh luath agus a scaoil na foghlaithe mara saor Caesar, conas a chomhlíon Caesar an bhagairt a bhí déanta aige agus é ina phríosúnach acu? (20)

(c) Cad iad na tréithe de charachtar Chaesair a léiríonn an mhioneachtra seo? (10)

(iii) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar an bhfilíocht dualgais, déan trácht ar nádúr na gcúrsaí grá idir Catullus agus Lesbia. (50)

(iv) (a) Déan cur síos ar chath Pharsalus inar chloígh Caesar Poimpéas. (30)

(b) Déan cur síos ar conas a fuair Poimpéas bás faoi dheireadh san Éigipt. (20)

---

**Topaic 4. Na Staraithe Rómhánacha. [100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) "Choinnigh Tiberius an Seanad ag fanacht chomh fada sin sular aontaigh sé bheith ina impire gur bhéic seanadóir amach, 'Ó, lig dó é a thógáil nó é a fhágáil!'" (Séatóinias, *Beatha Tiberius*)

(a) Cén fáth, dar leat, a raibh Tiberius idir dhá chomhairle chomh fada sin? (20)

(b) Déan cur síos gearr ar cé mar a réitigh Tiberius agus a mháthair Livia le chéile. (30)

(ii) I dtús ghníomhréim Tiberius, tharla ceannaircí in Pannonia agus sa Ghearmáin.

(a) Tabhair cuntas ar an gcaoi ar caitheadh leis na saighdiúirí agus ar na coinníollacha ar chuir siad suas leo. (25)

(b) Conas a chuir Drusus agus Germanicus deireadh leis na ceannaircí? (25)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar bhás an impire Ágastas. (30)

(b) Cad iad príomhfhorálacha in uacht Ágastas? (20)

(iv) (a) Cad atá le foghlaim againn faoi bheatha agus faoi bhás Julia, an t-aon pháiste a bhí ag Ágastas? Déan tagairt do na téacsanna dualgais i do fhreagra. (40)

(b) Cad is dóigh leat den chaoi ar chaith Ágastas le Julia? (10)

---

**GRÚPA II: Na Topaicí 5 go 7**

**Topaic 5. An Drámaíocht Ghréagach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sa dráma le Sofaicléas, *Éideapús Rí*, an aontófá gurbh iad na Déithe amháin a bhí freagrach as treascairt Éideapús? Déan tagairt don dráma mar thacaíocht le do fhreagra. (50)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar an argóint idir Éideapús agus Creon sa dráma le Sofaicléas *Éideapús Rí*. (35)

(b) Déan trácht ar iompar Éideapús sa radharc seo. (15)

(iii) (a) Tabhair cuntas ar an radharc idir Méidé agus Aegeus sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas. (30)

(b) Cén fáth a mbaineann tábhacht leis an radharc seo do phlota an dráma? (10)

(c) Cad a insíonn an radharc seo dúinn faoi charachtar Mhéidé? (10)

(iv) (a) Sa dráma *Méidé* le hEoiripidéas, déan cur síos ar conas a bhaineann Méidé díoltas amach ar Iasón. (40)

(b) Dar leatsa, an raibh an ceart ag Méidé déanamh mar a rinne sí? (10)

---

**Topaic 6. An Eipic Ársa.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) San *Odaisé* le Hóiméar (Leabhar 6), tosaíonn óráid Odaiséas do Nausicaa:
"A Bhanphrionsa, agus mé anseo os do chomhair, an Bandia de shórt éigin tú nó bean dhaonna?"

(a) Tabhair cuntas gearr ar óráid Odaiséas do Nausicaa. (25)

(b) Déan cur síos ar an gcuma a bhí ar Odaiséas nuair a tháinig sé amach as na sceacha den chéad uair. (10)

(c) Dar leatsa, conas a d'éirigh le Nausicaa déileáil leis an teagmháil seo? (15)

(ii) (a) Tabhair cuntas ar an teagmháil a bhí ag Odaiséas le Polyphemus, an Cioclóp, san *Odaisé* le Hóiméar. (40)

(b) An mothaíonn tú trua ar bith don Chioclóp? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (10)

(iii) Bunaithe ar an léamh atá déanta agat ar an *Aeinéid* le Veirgil, Leabhar 2, freagair na ceisteanna seo a leanas:

(a) Cérbh é Laocoon? (10)

(b) Cén chomhairle a chuir sé ar mhuintir na Traí faoin gCapall Adhmaid? (10)

(c) Déan achoimre ghearr ar an gcur síos le Veirgil ar bhás Laocoon. (30)

(iv) (a) Cad iad na bealaí ina gcabhraíonn máthair Aeinéas, Véineas, le hAeinéas san *Aeinéid* le Veirgil, Leabhair 1 – 6? (25)

(b) Cad iad na bealaí ina gcuireann an bandia Iúnó in aghaidh Aeinéas san *Aeinéid* le Veirgil, Leabhair 1 – 6? (25)

---

**Topaic 7. Scríbhneoirí na Tréimhse Ágastaí.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Sa sliocht *Oirféas agus Eoraidícé*, déanann Veirgil cur síos ar conas mar chaill Oirféas a bhean Eoraidícé agus mar a fuair sé ar ais í beagnach.

(a) Cén tuairim a fhaigheann tú faoin Domhan Thíos ó chur síos Veirgil? (20)

(b) Conas a chuireann Veirgil cumhacht cheol Oirféas in iúl don léitheoir? (15)

(c) Cad iad na codanna den dán seo is mó a chorraíonn thú? Tabhair cúiseanna le do fhreagra. (15)

(ii) Léiríonn Livias an-mheas ar Rómhánaigh na linne roimhe sin.

(a) Cad iad na tréithe de chuid na Rómhánach a mhair roimh a linn féin, a bhfuil meas ag Livias orthu? Déan tagairt do shleachta dualgais ó Livias i do fhreagra. (35)

(b) Dar le Livias, cad iad na cúiseanna a bhí le meath na Róimhe óna hardréim san am a chuaigh thart? (15)

(iii) "Mar is é an geimhreadh saoire an fheirmeora." (Veirgil, *Féilire an Fheirmeora*)

(a) Conas a mholann Veirgil don fheirmeoir an geimhreadh a chaitheamh? (30)

(b) Dar le Veirgil, cad iad na fadhbanna a d'fhéadfadh teacht na báistí agus na stoirme a chruthú don fheirmeoir? (20)

(iv) Cén tuairim faoi shaol na cathrach a fhaigheann tú ó dhánta Horáit, *An Leadránaí* agus *Luch an Bhaile Mhóir agus Luch na Tuaithe* a léamh? (50)

---

**GRÚPA III: Na Topaicí 8 go 10**

**Topaic 8. Ealaín agus Ailtireacht i Sochaí na Gréige.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf A** ar **Pháipéar X** Státchiste mhuintir na hAithine.

(a) Cá bhfuil an foirgneamh seo suite? (10)

(b) Cén t-ord den ailtireacht Ghréagach inar tógadh é? (10)

(c) Cén úsáid a bhaintí as foirgnimh mar sin? (10)

(d) Sainaithin na gnéithe atá marcáilte **a**, **b**, **c** agus **d**. (20)

(ii) Léiríonn **Fótagraf B** ar **Pháipéar X** séadchomhartha den Ré Ársa Dhéanach.

(a) Cén t-ainm a thugtar ar shéadchomharthaí den chineál seo? (10)

(b) Cá raibh séadchomharthaí dá leithéid suite? (10)

(c) Cad iad na bealaí ina bhfuil dealbhóireacht an tséadchomhartha ina sampla tipiciúil de dhealbhóireacht na Ré Ársa Déanaí? (30)

(iii) (a) Sainaithin an phríomhfhíor i **bhFótagraf C** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Cén t-imeacht atá á léiriú sa dealbhóireacht seo? (10)

(c) Cén tréimhse dhealbhóireachta lena mbaineann sí? (10)

(d) Déan trácht ar mhothú an réalachais a bhain an t-ealaíontóir amach sa dealbhóireacht seo. (20)

(iv) Léiríonn **Fótagraf D** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht rilífe.

(a) Ainmnigh an fhíor láir sa dealbhóireacht seo. (10)

(b) Mínigh cad is ciall le 'dealbhóireacht rilífe'. (15)

(c) Déan trácht ar shnoíodóireacht na héadaitheoireachta ar an dealbhóireacht rilífe seo. (15)

(d) Conas a d'éirigh leis an dealbhóir cothromaíocht a bhaint amach sa dealbhóireacht seo? (10)

---

**Topaic 9. An Fealsamh sa tSochaí: Staidéar ar Shócraitéas agus ar Phlatón.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) (a) Tabhair cuntas ar shamhail an Chaptaein Mhara in *An Phoblacht* le Platón. (35)

(b) Cad atá le foghlaim agat ón tsamhail seo maidir le tuairimí Phlatón faoin daonlathas? (15)

(ii) Tá stát idéalach Phlatón roinnte ina thrí aicme saoránach: Rialtóirí, Cúntóirí, Oibrithe.

(a) Cén ról a bhí ag gach aicme? (20)

(b) Tabhair breac-chuntas ar an 'miotas iontach'. (20)

(c) Cén fáth ar chum Sócraitéas é? (10)

(iii) "Ansin tá na héagsúlachtaí amhráin agus ceoil fágtha againn le plé." (Platón, *An Phoblacht*)

(a) Cad iad na cineálacha ceoil a measann Sócraitéas iad a bheith mí-oiriúnach? (25)

(b) Cad iad na cineálacha ceoil a measann sé iad a bheith inghlactha? (25)

(iv) "Nach gceapann tú," a d'fhiafraigh mé, "go bhfuil cosúlacht éigin idir na buanna nádúrtha is gá a bheith ag madra faire de phór maith agus iad siúd is gá a bheith ag fear óg maith má tá sé le dualgas a dhéanamh mar chosantóir ?" (Platón, *An Phoblacht*)

Conas a dhéanann Sócraitéas forbairt ar an gcomparáid seo le cur síos a dhéanamh ar na tréithe a bhfuil gá ag a chuid Cosantóirí leo? (50)

---

**Topaic 10. Ealaín agus Ailtireacht na Rómhánach.** **[100]**

Freagair **dhá cheann ar bith** de na ceisteanna seo a leanas. (Tá caoga marc ag gabháil le gach ceist):-

(i) Léiríonn **Fótagraf E** ar **Pháipéar X** múrdhathadóireacht as Herculaneum.

(a) Déan cur síos ar an dathadóireacht. (30)

(b) Déan trácht ar an úsáid a bhaineann an t-ealaíontóir as dathanna. (10)

(c) Cén fheidhm a chomhlíon múrdhathadóireachtaí Rómhánacha? (10)

(ii) Léiríonn **Fótagraf F** ar **Pháipéar X** dealbhóireacht rilífe ó Áirse Titus.

(a) Cén t-imeacht atá á cheiliúradh sa dealbhóireacht rilífe? (10)

(b) Déan cur síos gearr ar an séadchomhartha ina léirítear an t-imeacht sin. (20)

(c) Déan trácht ar an úsáid a bhaineann an t-ealaíontóir as rilíf ard agus as rilíf íseal sa radharc seo. (20)

(iii) (a) Sainaithin an teampall a léirítear **i bhFótagraf G** ar **Pháipéar X.** (10)

(b) Cén t-ord inar tógadh an teampall seo? (10)

(c) Déan cur síos ar phríomhghnéithe ailtireachta an teampaill seo. (30)

(iv) (a) Sainaithin an struchtúr cáiliúil Rómhánach a léirítear **i bhFótagraf H** ar **Pháipéar X**. (10)

(b) Déan cur síos ar an taobh amuigh den struchtúr seo. (15)

(c) Cé chomh tábhachtach agus a bhí úsáid na háirse i dtógáil an fhoirgnimh seo? (10)

(d) Déan cur síos gearr ar an gcineál siamsa a bhíodh ar siúl anseo. (15)

---

Leathanach Bán

Leathanach Bán